



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

EALAÍN

Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

Dé hAoine, 8 Bealtaine Maidin, 9.30 – 12.00

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarthóirí **Dé Céadaoin, 29 Aibreán**

Treoracha

- Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis, nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.
- Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2. Scríobh an teideal – ‘Cumadóireacht Shamhlaíoch’ nó ‘Ábhar Neamhbheo’ – díreach faoi do Scrúduimhir.
- Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog seo a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú go bhfuil sí glan. Uasmhéid na bileoige: A2.

Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas

- 1.** Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann amháin de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D, E. **Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.**

- 2.** Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil tuairisc orthu i gceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig an ionad scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a dhéanamh go tráthúil, roimh thús an scrúdaithe.** **Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.**

- 3.** Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar smaoineamh a spreagfaidh ceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E, nó a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. **Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.** Luaigh go soiléir cé acu 1 – Cumadóireacht Shamhlaíoch nó 2 – Ábhar Neamhbheo atá i gceist i do Chumadóireacht Theibí.

Sleachta Tuairisciúla

Sliocht A

Is é an beárbaiciú comhartha dóchais an tsamhraidh. Is léiriú ar an soirbhíochas Éireannach é go gceannaímid mórán trealamh beárbaiciú atá costasach d’ainneoin gur beag deis a bhíonn ann chun beárbaiciúnna a bheith againn. Sa tír seo, tagann deireadh le formhór na mbeárbaiciúnna nuair a bhíonn orainn dul de sciúird isteach faoi dhíon tí...

De réir mar atá an deicre ag éirí níos coitianta, an troscán níos compordáí, na scáthanna gréine níos storrúla, na téitheoirí níos líonmhaire, an soilsiú níos míne agus na stuaaráí crannacha agus na hionaid scátha níos éagsúla, ní bhfaighfí locht ort dá bhfiafrófá díot féin arbh fhusa ithe laistigh.

Ní ithe al fresco amháin a bhíonn i gceist sa bheárbaiciú. Bíonn an bia difriúil. Bíonn maranáidí coimhthíocha agus oibriú deaslámhach an bhriogúin i gceist. Teastaíonn nithe mar stéig teriyaki, ribí róibéis spíosraithe agus bradán, chomh maith le piobair dhearga, ghlasa agus bhuí a bheith ag cur ar a seal leis an bhfeoil dhíslithe dhathannach. Boladh sicín ag cnádú. Anlanna soighe agus subha siúcra. Bíonn prátaí móra bácáilte á ndó mar is cuí sa bheárbaiciú. Arbhar i scragall stáin agus im ag úscadh as. Cloicheáin ag siosarnach ar bhioranna. Is linn féin ar shlí ar leith an blaistiú agus na spíosraí, an dath, an blas agus an uigeacht, cráindó an ghualaigh agus na millíní adhmaid a chuireann blas ann féin ar an mbia.

Baineann an beárbaiciú le réimse an fhir go bunúsach. Sna hinní atá sé. An chócaráil lasmuigh den phluais. Cúrsaí pobail. Comhar na clainne. Tá an lucht fiaigh tagtha abhaile. D’éirigh go maith leo, tá an tine adhainte, an chreach ullmhaithe agus roinnte. Bia bunúsach a bhíonn ann freisin: stéigeacha móra agus sciatháin sicín agus glasraí garbha á gcur san aer os cionn na lasrach. Ag faire ar bhia á chócaráil, ag fanacht, ag tál seile, ag roghnú, ag cur blasanna le chéile, ag meascadh uigeachtaí, ag fáil blais ar fhíorbhla bia shimplí a ndéantar cócaráil shimplí air – sin a bhfuil i gceist.

Is é is beárbaiciú ann ná radharc sólasach smeachóidí ag cnádú nuair a bhíonn an béile thart agus nuair a thiteann dorchadas na hoíche. Is é siosarnach na n-iarmhairtí feola é ag scairdeadh i gcoinne an ghríoscáin agus an caidreamh dlúth a bhaineann le bheith laistigh den fháinne solais nuair a thiteann an oíche dhubh dhorcha lasmuigh de. Is macasamhail é an beárbaiciú den chaoi ar chaitheamar bia i dteannta a chéile ó thús ama...

Sin é an fáth a leanaimid orainn sa tír seo leis na beárbaiciúnna, beag beann ar an aimsir agus d’ainneoin na báistí. Sin é an fáth a n-eagraímid beárbaiciúnna in ainneoin baol gálaí agus séideáin ghaoithe a leagann scáthanna gréine, a radann cathaoireacha, a ardaíonn éadaí boird, a chuireann gloiní ag greadadh anuas ar an deicre agus a chuireann naipcíní ag teitheadh uainn.

Leanaimid orainn sa tslí chéanna a gcaithimid éadaí samhraidh i dteochta reoiteacha, a dtugaimid ár n-aghaidheanna go dána ar na farraigí fuara chun dul ag snámh iontu agus ina dteannaimid le chéile laistiar de scáthláin ghaoithe ar thránna sceirdiúla. Leanaimid orainn mar caithfidne sa leathsféar ó thuaidh a chreidiúint go bhfuil séasúr againn ar a dtugtar an samhradh. Mura mbíonn an aimsir ab áil linn againn, is féidir linn ligean orainn ar a laghad go bhfuil séasúr an tsamhraidh againn trí mheán na saghsanna imeachtaí samhraidh a chleachtaimid. Mura dtugann an samhradh siamsaíocht dúinn ligimid orainn go bhfuil an samhradh ann agus tá an beárbaiciú ar cheann de na slite is fearr chuige seo.

Is é an soirbhíochas a thuigtear leis an mbeárbaiciú inniu, mar sin. Sin é an fáth go maireann sé. Baineann sé le cúrsaí straitéise: ag aimsiú slite chun dúshlán aimsir na hÉireann a thabhairt agus ag éileamh an chirt chun ithe faoin aer le linn shéasúr an tsamhraidh. Baineann sé le stíl mhaireachtála, le héadaí ócáideacha, le cuideachtúlacht agus le cuireadh a thabhairt do chairde chun béile a ithe inár dteannta.

I gcás roinnt daoine, ábhar sásaimh dóibh is ea na gléasanna, na huirlisí rí-fhada, na rôtisseries, na ciseáin ghríosctha, na teirmiméadair feola agus na tosaitheoirí simléir gualaigh. Baineann naprúin mhóra, manaí amaideacha agus lámhainní ‘táthaire’ a shíneann go huillinn leis an mbeárbaiciú. Rólghlacadh, gníomhú mar phríomhchócaire agus beathú a sholáthar don ghrúpa atá i gceist i gcás an bheárbaiciú. B’fhéidir gur riachtanais iad ag beárbaiciúnna an lae inniu turbashoirn gháis ardchumhachtacha a mbíonn gríoscáin, deataitheoirí agus socruithe inathraithe acu. D’fhéadfadh gur riachtanais iad téitheoirí paitió, scáthbhrait agus go leor slite chun an fuacht agus an bháisteach a sheachaint. Is dócha gur fada idir beárbaiciúnna an lae inniu agus an chócaráil a dhéanadh ár sinsir ar a gcuid bia i bhfulachta a mbíodh adhmaid á dhó iontu ach glacann na beárbaiciúnna ionad an tsean-deasghnátha ó thaobh na mothúchán de agus ag an am céanna is tríothu a thugaimid

go hoscailte dúshlán na samhraí fliucha báite agus na laethanta dorcha.

Le Marie Murray as *The Irish Times*

Sliocht B

D'aimsigh an t-astaróideach an sprioc ceithre lá sula raibh coinne leis.

Ní raibh a lorg leanta againn toisc nach raibh coinne againn leis. Thíos ag an loch mar a rabhamar ag iascaireacht, bhraitheamar an talamh ag crith.

‘Táinrith atá ann,’ arsa Spike. ‘Tá ollghluaiseacht mamach an-mhór á léamh agam’.

Agus ní mamaigh amháin a bhí ann: os ár gcionn, bhí éin a bhí chomh mór le haerárthaí éadroma ag dorchú na spéire, in áiteanna ní raibh spéir ar bith ann, ní raibh ann ach réisí sciathán.

Ar an talamh, tháinig na dúile péistiúla, tromchosacha, ollmhóra, ar dhá chois nó ar cheithre chos, go tormánach feadh bhruach an locha, gan sos á ghlacadh acu fiú amháin chun sinn a alpadh.

Ghlacamar fothain faoin bhfeithicil a bhí againn, inár luí feadh na talún, scanraithe, eagla orainn go gcaithfí i leataobh sinn agus go mbascafaí sinn.

Nuair a bhí sé de mhisneach ionam mo cheann a ardú as an láib the, chonaic mé cosa, crúba, ingne, lapáí, chomh mór le cartún, chomh mór le cathair, ag plancadh agus ag ardú, ag brú agus ag éirí, ag rith agus ag glacadh sosa, iad i ngiorracht cúpla orlach don fheithicil a rabhamar inár luí fúithi, ar chosúil le cloch mhór bhán dóibhsean í, ní foláir, agus arbh fhusa dóibh léim thairsti nó dul de sciuirid thairsti nó í a sheachaint agus iad ar thóir na sábháilteachta nach raibh baint ar bith aici le toirt.

Os ár gcionn, tháinig grága agus glaonna na n-éan a bhí ag eitilt go hiseal i ngiorracht dúinn, bhí ingne ag scríobadh an dín againne, buille na sciathán chomh láidir gur cuireadh an fheithicil ar crith.

Fuinneamh gan srian agus sinne a scaoil saor é.

Nuair a bhí deis againn, ritheamar ar ais i dtreo an Árthaigh, sinne a bhí bídeach, baoth, ar na neacha ba lú agus ab amaidí ar an bpláinéad. Ní raibh coinne ar bith leis an duine go ceann na milliún bliain fós. Bhí cuma ar an scéal go raibh fiche duine againn ar tí an áit a scrios sula raibh sé bunaithe fiú amháin.

Ba dhuaire an radharc a bhí romhainn ag an Árthach. Bhí na crainn basctha ag an táinrith, iad gan chosaint anois de thoradh an réitigh san fhoraois a bhí déanta againn. Bhí an tÁrthach suite faoi chrainn phailme a bhí chomh mór le foirgnimh oifige.

‘Isteach libh’ arsa Handsome, agus bhí an ceart aige: níorbh fhéidir faic eile a dhéanamh.

Agus sinn ag dul isteach, duine ar dhuine, isteach trí na doirse éalaithe, d’aimsigh an t-astaróideach é. Múchadh soilse an árthaigh.

‘Rinneadh botún,’ arsa Handsome...

Lasmuigh den Árthach, b’uafaire agus ba scanrúla an gleo. Faoin aer bréan a bhí ag dorchú, na dúile ar chuireamar isteach ar a saol, bhí siad ar thóir na gréine, ag ardú a gcinn i dtreo na spéire, ag búiríl agus ag béicíl agus an solas seo ag dul as.

Bhí sé ag dul i bhfuair agus i ndorchacht in aghaidh an lae.

Ghread dúile i gcoinne an Árthaigh, á bhascadh le muiníl luascacha agus le gialla iarainn, iad á húsáid mar ionad tuirlingthe. Ba iad na soilse talún amháin a choimeád ó dhoras iad, ach d’úsáid na soilse talún cumhacht nárbh fholáir dúinn a chaomhnú.

Oíche amháin, is dóigh liom gurbh í an oíche a bhí ann, cé go raibh deireadh curtha go hiomlán againne leis an idirdhealú idir lá agus oíche, chuala mé scríobadh in íochtar an árthaigh.

Mheas mé go mb’fhéidir go raibh rud éigin ag déanamh a shlí isteach sa chabhail a raibh damáiste déanta di; mar sin thugas arm agus tóirse dallta liom agus chuaigh mé síos ann mar a raibh ár bhfearas agus ár soláthar tréigthe.

Sea, bhí rud éigin ann. Bhí rud éigin tar éis poll a chur i dtaobh na cabhlach a raibh damáiste déanta dó cheana féin. D’fhéad mé glór coganta a chloisteáil. Cibé rud a dtiocfaínn air, ní aithneoinn é, agus b’fhéidir go mbeadh toirt mhór ann. Chuir mé d’iallach orm féin an tóirse dallta a chasadh i dtreo na háite a raibh an torann ag teacht uaidh. Stop an chogaint, agus de sciuirid trasna an urláir, amach ó áirse an tsolais, rith dúil a bhí ar aon toirt le madra Alsáiseach, ach é níos téagartha, cosa an-ghearr faoi agus trí adharc air. Bhí sé chomh barrúil sin, agus thug sé an oiread sin faoisimh domsa nach raibh péire giall chomh mór le trucail altach agus chomh mearghluaiste céanna os mo chomhair amach, go ndearna mé gáire.

Stop an dúil agus d’fhéach orm. Ní fuaim ná cruth é seo a bhí os a chomhair a casadh riamh cheana air: neach déchosach agus fuaimanna ar nós éin á ndéanamh aige.

Dhoiléirigh mé an tóirse dallta agus thóg mé céim chun tosaigh. Chuaigh an Trí-Adharcach i bhfolach láithreach bonn laistiar de bhosca. Maith go leor, arsa mise liom féin. Tugaimis bia duit agus feicimis cén toradh a bheidh air.

Ba é a tharla ná gur tháingamar ar chompánach spórtúil nach raibh coinne againn leis. Thóg Spike maipín DNA agus rinne sí amach gur croschineálach de mhuc agus de dhobhareach de shaghas a bhí ann, ar dhóichí go raibh sé faoi bhun bliain d'aois.

‘Níl a fhios aige féin cén saghas ní é,’ ar sise á shliocadh, ‘agus ní heol don nádúr ach oiread. Tá gach ní ar an bPláinéad Gorm ag an gcéim thurgnamhach. Forbróidh gach ceann de na beathachruthanna seo agus claochlóidh siad. Fágfaidh a bhformhór an bealach ag rud eile a bheidh níos oiriúnaí.’... Samhlaíodh dom go raibh sí ciúin, ceansaithe. Ní chuimhním air in aon chor gur róbat í, ach cad is róbat ann? Meall miotail a bhfuil cosa faoi. Sa chás seo meall meabhrach, rí-ghoilliúnach miotail a ghluaiseann...

Luigh mé síos le taobh Spike agus b'ait liom a bheith im luí le hais rud beo nár tharraing anáil. Ní raibh ardú nó ísliú ar bith ann ná osnaí beaga ar bith, níor tarraingíodh anáil, níor corraíodh beola ná ní raibh an lúb is lú sna polláirí. Ach bhí sí beo, ag tabhairt athbhri don rud is beatha ann, gnó atá ar bun againn, is dócha, ó thús an domhain.

Ag machnamh dom mar sin, trí leath-thaibhrimh aisteacha, dhúisigh mé, chomh díreach le slat, do mo phlúchadh. Bhí ag teip ar an gcóras aeir. Chaith Spike masc ocsaigine chugam agus thóg léamh.

‘Chun an córas a chur ina cheart d'úsáidfí leath na cumhachta atá fágtha. B'fherr liom na pacáistí cumhachta taistil a líonadh agus imeacht. Má fhillimid choíche ar an Ártach, beidh gá againn le rud éigin a bhfillfimis air.’ Dúirt sí liom cad ba chóir a phacáil, agus na héadaí teirmeacha a chur orm... Níor thugamar linn ach na nithe ba thábhachtaí – uirlisí, tóirsí, sábh léasair, meascán próitéine, compás agus fearas raidió, lastóir tine, málaí codlata le húdaí téastair chun an sneachta a choimeád siar ónár n-aghaidheanna, mála le cóir leighis a raibh bindealáin, instealltaí suaimhneasáin agus instealltaí marfacha ann. Cheangail Spike í féin le pacáistí cumhachta agus ansin, agus sinn ullamh chun imeachta, chaith sí cóip a bhí ag Handsome de *Journals* Captain Cook chugam agus thóg anuas an chóip a bhí tugtha aigesean dise de dhánta John Donne.

She is all States, and all Princes I, Nothing else is...

Sliocht as *The Stone Gods* le Jeanette Winterson. le caoinchead Hamish Hamilton, 2007

Sliocht C

Mar athrú ón ngnáthnós imeachta, níor cuireadh buaiteoirí an chomórtais do na mná is galánta gléasadh in aithne don phobal san fháinne taispeántais i mbliana.

Ar ócáidí roimhe seo, de réir dealraimh, scanraigh siad na capaill. Ina ionad sin tharla buaic an chomórtais i gceann de na hollphubail ba lú i mBaile an Bhriota: gan capaill ar bith i láthair, ba iad na hiriseoirí fir amháin a bhí scanraithe.

An baol a bhain leis an oiread sin hataí beannacha agus scáthanna gréine – gan trácht ar shála arda caola – in áit chúng, bhí sé dona go leor. Ach na dathanna féin chaochfaidís tú. Bhí an oiread sin de raon agus de dhéine ag baint leo go gcaithfí, de ghnáth, dul i muinín drugaí sícdeileacha chun a leithéidí a fheiceáil le chéile in aon áit amháin. Buí, ómra, táinséirín, flannbhúí dóite – ní raibh iontu sin ach na donnacháin ghréine bhréagacha.

Ba ghléine fós dathanna na n-éadaí. Saothar in aisce a bheadh ann dath dubh nua an tséasúir seo, nó príomhthéama ar bith a lorg. Bhí mar a bheadh pléascadh i monarcha péinte. Thráigh stór aidiachtaí datha an iriseora fir gan mhoill – stór nach mbíonn riamh fairsing a dhóthain chun cur síos a dhéanamh ar Fhéile na Déardaoine i mBaile an Bhriota, fiú sna blianta is lú spleodar.

Maidir le rannpháirtíocht níl ócáid ar bith inchomórtais le Lá na mBan sa Ghailimh. Ní faic imeachtaí eile dá leithéidí ar ghualainn na féile seo – ag caint go cruinn agus go meafarach dom – mar déanann gach bean a théann go dtí na rásaí iarracht ar leith ar í féin a ghléasadh go galánta don ócáid. I gcodarsnacht leo, bíonn cuma níos leimhe ar fheistias an Éireannaigh fir ná mar a bhíonn de ghnáth. Ní fhéadfadh lá drochbháistí eile fiú spiorad lucht caite na ngúnaí a mhaolú. I rith an tráthnóna ar fad, geall leis, chaithfeá meas a bheith agat ar an réamheolas a bhí ag a oiread sin ban a raibh a bhfeistias éadaigh ceannaithe acu i gceann de shreangshiopaí Monsoon (fiú mura raibh cuma ar na feistias go gcoimeádfaidís tirim ón mbáisteach tú.)

Bhí codarsnacht láidir idir raon dathanna na spéire os a gcionn – ó bhánliath go dath an ghualaigh – agus formhór na gcultacha a bhí á gcaitheamh ar chlár na talún. Cé gur éirigh an síorcheobhrán níos

measa ag pointe amháin sa chaoi gur ghlac scáthanna báistí ionad na scáthanna gréine, ar a laghad ní raibh sé ina fhíordhíle go dtí go raibh an comórtas thart.

Deichniúr ban a roghnaíodh don ghearrliosta as na mílte ban a bhí feistithe go galánta. Bronnadh crios muinchille buí speisialta ar gach bean díobh seo, mar a chuirfí fainne ar éan coimhthíoch (agus tá baint nach beag ag cleítí leis na feistis éadaigh). Ansin, tar éis scrúdú níos mine a dhéanamh orthu, scaoileadh seachtar agus tríocha díobh ar ais faoin bhfásach. Buntáiste é, agus ní hea, a bheith ar dhuine den triúr a d'aithneofaí go foirmiúil mar ‘Na Mná is Galánta Gléasadh’ sa Ghaillimh. Ar an taobh dearfach de, buaitear duaiseanna agus baintear cáil amach ar feadh tamaill. Ar an taobh diúltach de, cuirtear ar stáitse poiblí tú chun go mbeifeá le feiceáil ag an gcúpla míle bean eile nár éirigh leo, mná a scrúdaíonn an líon beag a roghnaíodh le súile crua na ndíoltóirí capall i gclós an mhargaidh.

Mar a thugtar le tuiscint ag aghaidheanna na ndaoine sin a bhíonn ag féachaint, músclaíonn feisteas na mbuaiteoirí réimse iomlán mothúchán: ón meas go dtí an phian a bhraitear go fisiciúil. Bíonn tuairimí éagsúla á nochtadh ag an slua – cloistear caint bháúil (‘Nach bhfuil sí go hálainn?’), caint chriticiúil (‘Ní roghnóinn féin a leithéid.’) agus caint fhíordhamnaitheach (‘Níl dabht ach gur ball éadaigh ar leith é’). Ach d’éirigh leis na breithimh ar chuma éigin teacht ar chomhaontú arís i mbliana ... Bhí rásaíocht ar siúl freisin sa Ghaillimh inné. An marcach Paul Townsend, a bhí ag caitheamh culaith bhándearg síoda le réalta donna agus caipín a bhí ag teacht leis, a bhuaigh an príomhrás ar mhuintir *Indian Pace*, capall a thraenáil John Kiely. Duine ar bith a bhí i ngar d’ollphuball na bhfaisean nó laistigh de, ba bheag aird a thug siad air.

Le Frank McNally as *The Irish Times*.

Sliocht D

Go deimhin, d’imigh leath uair an chloig thart sular tugadh chugainn an lón. Chuir Livia ina luí orainn go gcaithfeadh gach aon duine a bheith ina shuí sula ndáilfeadh sí an bia. ‘Fanann daoine leis an pasta, ní fhanann an pasta leis na daoine’ ar sise go diongbháilte. Dheimhnigh sí chomh maith go raibh crúiscín uisce ar an mbord, buidéilín gloine le hola, mias salainn, agus vása le bláthanna úra... Osclaíodh an doras agus isteach léi. Bhí sí ag iompar mias ollmhór de *fettuccine* galach, a suaitheadh in anlann a rinneadh le trátaí, ola olóige, oinniún gearrtha, soilire agus gairleog, maisithe le duilleoga basal a bhí díreach bainte...

De réir mar a bhí gach babhla á líonadh aici, scríob sí píosa cáise crua agus gráinnín piobair os a chionn ...

Agus a fhorc á shá aige isteach sa phasta, bhí James á chasadh timpeall go dtí gur éirigh leis, agus ní gan dua, cuid den mheall sleamhain lúbach a chur ar bheangáin an fhoirc. Ansin chuir sé ina bhéal é. Iontas saoil ba ea é. Níor bhlaís sé rud ar bith mar é riamh cheana – is cinnte nár bhlaís sé a leithéid i rith bhlianta fada na ciondála, ná fiú roimhe sin le linn na ndeich mbliana a chaith sé ag ithe bia leamh marbhánta na scoile cónaithe, nó ag ithe na róstaí tirime Domhnaigh a dhéanadh a mháthair, a mbíodh prátaí fliucha agus glasraí róchócaráilte mar anlann leo. Lena chois sin, níor bhlaís sé piobar úrmheilte go dtí seo, ná cáis a chlódaigh do chuid bia ar an gcuma seo mar a dhéanfadh titim thiubh bhán sneachta... An ciúnas fada, agus aird na bhfear eile a bhí ina suí timpeall an bhoird a bheith dírithe ar a gcuid bia, chuir sin in iúl gurbh é seo an chéad uair acusan a leithéid chéanna a bhrath leis. Ní gan dua a d’fhéadfaí an *fettuccine* a choimeád socair ar an bhforc: faoin am a raibh sé i do bhéal, bhí ribíní fánacha pasta ag sileadh amach. Tar éis roinnt ionramhála, thuig James gurbh fhusa é a shuí isteach in ionad greim a bhaint as, agus ba mhó an bhéalóg é freisin. D’fhéach sé anonn ar Horris. Bhí ribín fada *fettuccine* ar crochadh óna bheola ar nós nathair nimhe a bheadh ag sleamhnú feadh a theanga féin agus é á ithe go glórach cros-súileach aige. Ba é Jefferies amháin a raibh ar a chumas déileáil leis na píosaí sleamhna pasta. Ach ní raibh cosúlacht ar dhuine ar bith díobh gur theastaigh uathu tabhairt suas den bhia go dtí go raibh gach uile ghreim glanta óna mbabhlaí acu.

Ar deireadh bhrúigh Horris a chathaoir siar agus dúirt, ‘Ba mhór idir é seo agus ar thug seanMalloni dúinn.’

‘Táim lán go béal,’ arsa Walters

‘Táimse leis,’ arsa Horris ag aontú leis ‘Maith go leor, fillimis ar an obair.’ Thosaigh sé ar éirí ón mbord.

D’oscail an doras agus tháinig Livia isteach, mias á hiompar aici a bhí níos mó fós ná an ceann ar dháil sí an pasta as.

‘An *secondo*,’ ar sise ag cur na méise ar an mbord...

‘Cad é seo?’ arsa Horris

‘...Mias thipiciúil Naipleach is ea í.’

Bhí ciúnas ann ar feadh tamaillín. ‘Bhuel’ arsa Walters, ‘níor mhaith liom tú a mhaslú. Ní bheidh ach blaiseadh de agam.’ De réir mar a chuir sé beagáinín de ar a phláta le spúnóg, líonadh an seomra le boladh aubergine, a bácáladh ina shraitheanna le tráta, gairleog agus lusanna agus a bhí clúdaithe le cáis ghrátáilte...

Chuir Livia dhá chrúiscín d’fhion dearg ar an mbord... ‘Ní bord go fion.’ D’oscail James a bhéal chun cur ina coinne, ach chuimhnigh sé gur bhinn béal ina thost.

Thum sé a fhorc isteach sna sraitheanna aubergine agus cáise. Cúpla nóiméad ina dhiaidh sin samhlaíodh dó go raibh sé ag madhmadh ina bhéal. Ní raibh sa pasta, tuigeadh dó anois, ach réamhbhéile, carbaihiodráit chun an t-ocras a mhaolú, ach bhí an mhias eile seo thar insint scéil; í ag géarú a ghoile athuair, agus déine na mblastanas ag múscailt blaslóg nárbh eol dó iad a bheith ann. Fíorbhla cáise a bhí ar an gcáis, bhí an aubergine chomh saibhir talmhaí, agus blas deataigh air nach mór; na lusanna, bhí siad chomh blasta sin, nár ghá ach bolgam fíona chun barr maise a chur leo... Ghlac sé sos ómósach agus d’ól deoch, ansin thochail sé lena fhorc athuair.

Gnáthmhilseog de phiorraí gearrtha ina slisíní a bácáladh le mil agus marós a tháinig i ndiaidh an *secondo*. Bhí cuma bhriosc bhán ar bhia an toraidh ar nós ruda éigin a bheadh greanta ag Michelangelo ach nuair a chuir sé a spúnóg leis, tharla go raibh sé chomh bog le huachtar reoite. Nuair a chuir sé ina bhéal é, ní dheachaigh ach blas iontach, nach raibh taithí aige air, i bhfeidhm air i dtús báire, sruth blastanas ar idirdhealaíodh a chomhpháirteanna diaidh ar ndiaidh. Bhí milseacht na meala ann, chomh maith le boladh lag bláfar de chuid an Vesuviani, bláth a bhfuil fáil air go flúirseach, a bheathaigh na beacha. Ansin bhí cumhracht mheisciúil lánghréine na lusanna ann, agus díreach ina dhiaidh sin, blas láidir an toraidh féin. Faoin tráth a raibh na piorraí ite, bhí an dá chrúiscín fíona folamh chomh maith.

As *The Wedding Officer* le Anthony Capella le caoinchead Sphere, 2006.

Sliocht E

Formhór na dtrádálaithe margaidh, thagaidís ann go rialta agus bhí seastáin curtha in airde acu ina ngnáthionaid féin. Líon boladh saille te srón Sajhe a thúsce a shiúil sé isteach sa chearnóg. Chaith sé tamall ag crochadh thart ag seastán mar a raibh fear ag friochadh pancóg, á gcasadh ar ghrideall the. Boladh an anlainn thiubh pónairí agus aráin... the, a rinneadh as eorna agus cruithneacht leath is leath, ghéaraigh sé a ghoile. Shiúil sé gan stopadh thar na seastáin mar a raibh buicéid agus corcáin á ndíol, éadaí olla, craicne agus leathar, idir earraí logánta agus bheilteanna agus sparáin níos coimhthíche as Córdoba nó as áiteanna níos faide ó bhaile fiú. Stop sé ar feadh tamaillín mar a raibh seastán siosúr do lomadh na gcaorach agus sceana á dtairiscint, sular bhog sé go cúinne na cearnóige mar a raibh formhór na n-ainmhithe beo lochta. Anseo i gcónaí, bhíodh mórán sicíní agus cábún i gcliabháin adhmaid, uaireanta fuiseoga agus dreoilíní a chanadh ar nós fliúite nó feadóige. Ba iad na coiníní ba rogha leis, iad ar fad brúite ar a chéile i gcarn clúmhach donn, dubh agus bán.

Shiúil Sajhe thar na seastáin mar a raibh grán agus salann, feolta geala, leann as cascaí agus fion á ndíol go dtí go raibh sé ag seastán mar a raibh lusanna agus spíosraí coimhthíocha á ndíol. Bhí ceannaí os comhair an bhoird amach. Ní raibh fear feicthe riamh ag Sajhe a bhí chomh hard, chomh dubh leis. Bhí sé gléasta i róbaí fada gorma crithlonracha, turban síoda niamhrach agus slipéir dhearga órga bhioracha á gcaitheamh aige. Bhí a chraiceann níos dorcha ná fiú craiceann na ngiofóg a thaistealaíodh thar na sléibhte ó Navarre agus Aragón.

Bhí a chuid leagtha amach ag an trádálaí i bhfoirm rotha: glas, buí, flannbhuí, donn agus dearg, ócar. Chun tosaigh bhí marós agus peirsil, gairleog, buían buí agus labhandar, ach laistiar díobh bhí spíosraí níos costasaí, cardamam, noitmig agus safran. Níor aithin Sajhe ceann ar bith de na cinn eile, ach cheana féin bhí sé ag súil le scéal a insint dá sheanmháthair faoina raibh feicthe aige. Bhí sé ar tí céim a thabhairt chun tosaigh chun radharc níos fearr a fháil nuair a bhéic an ceannaí de ghuth toirní. Rug a lámh throm dhorcha ar rosta caol robálaí a thug faoi bhonn airgid a ghoid ón sparán bróidnithe a bhí ar crochadh as téad chasta a bhí thart faoina choim. Thug sé buille dá dhorn ar bhaithis a chinn don bhuachaill, á thiomáint siar i gcoinne mná a bhí ina seasamh laistiar agus a thosaigh ag béicíl.

Láithreach bonn tosaigh slua ag cruinniú.

D’imigh Sajhe leis go ciúin. Níor theastaigh uaidh a bheith sáite in aighneas ar bith.

As *Labyrinth* by Kate Moss le caoinchead Orion, 2005.

Leathanach Bán